Special EU Programmes Body
Comhlacht na gClár Speisialta AE
Special EU Skemes Boadie

Peace
Northern Ireland - Ireland
EUROPEAN UNION
European Regional Development Fund

# Achoimre do Shaoránaigh: **Clár PEACE IV (2014-2020)**

An Clár Eorpach Comhoibrithe idir Críocha, Éire-An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann – Réigiún Teorann na hÉireann)

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk

Is féidir an doiciméad seo a chur ar fáil i réimse formáidí difriúla inrochtana trí iarratas ríomhphoist chuig **communications@seupb.eu**

Foilsíodh an chéad eagrán in Eanáir 2016. Ní féidir cearta ar bith a fháil ón doiciméad seo.

# Céard é Clár PEACE IV?

Is tionscnamh uathúil trasteorann é Clár PEACE IV, agus é maoinithe trí Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa (ERDF), rud a bhaineann leis an Aontas Eorpach agus tá á bhainistiú ag Foras Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh (SEUPB). Tá sé ceaptha le tacú le síocháin agus athmhuintearas I dTuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann1. In éineacht le tacú le síocháin agus athmhuinteas, cuireann an ERDF le cur chun cinn na cobhsaíochta sóisialta agus eacnamaíche chomh maith, go háirithe trí ghníomhartha chun comhtháthú idir phobail a chur chun cinn.

Comhaontaíodh an chéad chlár de chuid PEACE in 1995 mar thoradh díreach ar mhian an AE freagairt dhearfach a thabhairt ar na deiseanna a bhain leis na forbairtí i bpróiseas síochána Thuaisceart Éireann i rith 1994. De réir mar atá forbairt tar éis teacht ar an bpróiseas síochána agus agus é tagtha in aibíocht, tá ról tábhachtach ag Cláir PEACE i ndul chun cinn i dtreo sochaí níos síochána agus níos cobhsaí a threisiú.

Tá dul chun cinn suntasach déanta sa réigiún ó tháinig Comhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste (1998) agus Comhaontú Chill Rìmhinn (2006) ar an bhfód. Ach tá scoilteanna idir na pobail le feiceáil go soiléir go fóill agus fadhb mhór go fóill le heaspa iontaoibhe eatarthu agus méid mór deighilte cónaithí agus sóisialta ann. Bíonn teannas pobail agus deighilt mhéadaithe mar thoradh ar cheisteanna léirithe féiniúlachta go minic. Sa chomhthéacs seo, tá géarghá go fóill sa réigiún le dul i ngleic le roint fadhbanna móra le tacú leis an bpróiseas síochána foriomlán. Ina measc seo, tá tuilleadh iarrachtaí chun athmhuintearas a fhorbairt agus a threisiú idir na pobail deighilte; caoinfhulaingt agus meas níos mó chun an méid seicteachais agus ciníochais a laghdú; comhtháthú méadaithe pobail a chur chun cinn; agus díriú ar oidhreacht na haimsire caite.

Rith Parlamint na hEopa rún i Samhain 2014 maidir leis an bpróiseas síochána a leag béim ar an ngéarghá le hathmhuintearas breise a chothú agus cabhrú le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta bhreise a chothú ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann in Éirinn.

## Céard atá difriúil i gcás 2014-2020?


I gcomhréir le straitéis na hEorpa le haghaidh 2020, tugann an Coimisiún Eorpach ar gach Clár nua le haghaidh 2014-2020 díriú ar réimse beag gníomhaíochtaí le cinntiú go bhfuil maoiniú imleor ann chun athrú suntasach a dhéanamh. Is gá d’iarratasóirí rathúla torthaí agus aschuir inláimhsithe i gcur ar fáil a dtionscnamh a léiriú, rudaí is gá a chur i gcomhréir le cuspóirí, torthaí agus aschuir fhoriomlána an Chláir.

## Cá háit a n-oibrítear an Clár?

Is Clár trasteorann é seo agus maoineofar gach tionscadal ar bhonn trasteorann. Is é an ceantar incháilithe le haghaidh Chlár PEACE IV in 2014-2020 ná Tuaisceart Éireann agus Contaetha na Teorann in Éirinn (An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Lú, Muineachán agus Sligeach).

Spreagtar comhoibriú trasteorann sna tionscadail go léir a bhíonn ag lorg maoiniú faoi Chlár PEACE IV. I gcásanna eisceachtúla, is ceadmhach suas le 20% de bhuiséad leithdháilte an Chláir a chaitheamh taobh amuigh den cheantar incháilithe, fad is gur féidir tairbhí inláimhsithe don cheantar cáilithe a léiriú.

1 Seo achoimre ar an gClár Comhoibríoch do PEACE IV 2014-2020. Tá an Clár iomlán Comhoibríoch mar a comhaontaíodh i Samhain 2015 ar fáil ar shuíomh gréasáin an SEUPB ag **www.seupb.eu**




## Cén luach atá ar an gClár?

Is é ranníocaíocht an ERDF don chlár ná tuairim is **€229m** (85%). Tiocfaidh €41m (15%) de mhaoiniú breise ó mhaoiniú meaitseála, rud a mhéadóidh luach iomlán an Chláir go tuairim is **€270m.** Leithdháiltear 6% den ERDF iomlán, €13.75m, ar Chúnamh Teicniúil.

Caithfidh an maoiniú meaitseála teacht ó fhoinsí eile seachas an AE agus d'fhéadfadh maoiniú ón rialtas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a bheith i gceist. D'fhéadfaí ranníocaíochtaí comhchineáil a úsáid mar mhaoiniú meaitseála. Beidh maoiniú meaitseála curtha ar fáil ag na ranna bainteacha rialtais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn. (Beidh sonraí breise faoin maoiniú meaitseála go léir atá ar fáil sonraithe sa ghairm ar leith ar iarratais).

# Cé na hathruithe a dhéanfaidh an Clár?

## Forbhreathnú ar an gClár

Tá ceithre phríomhréimse tosaíochta ag an gClár inar mian leis athruithe suntasacha marthanacha a dhéanamh: Oideachas le Chéile,; Páistí agus Daoine Óga; Comhspásanna agus Comhsheirbhísí agus Dea-Chaidreamh a Chothú.




**Eochair**

- - - - -

Beidh na gníomhartha seo curtha i gcrích mar chuid de Phleananna áitiúla Gníomhaíochta PEACE, rudaí a bheidh curtha i bhfeidhm ag comhpháirtíochtaí á stiúradh ag na húdaráis áitiúla.

# Cuspóir: **Oideachas le Chéile**

## Cuspóir:  Oideachas le Chéile (Luach Iomlán: €35.3m / ERDF: €30m)

**Tá sé mar thoradh ar na struchtúir oideachais atá sa réigiún faoi láthair go bhfuil cuid mhaith páistí á n-oiliúint le páistí ó chúlra comhchosúil amháin. Tá sé mar aidhm ag Clár PEACE IV cultúr dea-chaidrimh a chothú idir páistí scoile agus na scoileanna agus meonta atá de dhíth orthu le cur le sochaí ina mbristear an timthriall seicteachais agus éadulaingthe a thabhairt dóibh. Cruthóidh an Clár deiseanna do pháistí scoile teagmháil leanúnach a bheith acu le páistí ó chúlra pobail eile sna struchtúir oideachais atá ann cheana agus tairbhí oideachais a chur ar fáil do pháistí.**

Cuirfidh an **cuspóir** seo teagmháil dhíreach leanúnach atá bunaithe ar an gcuraclam ar fáil idir daltaí agus múinteoirí ó gach cúlra, trí chomhoibriú idir scoileanna ó earnálacha difriúla d'fhonn dea-chaidreamh a chun chun cinn agus chun scileanna agus meonta páistí cur le sochaí chomhtháite a fheabhsú.

Beidh sé mar **thoradh** air go mbeidh méadú ar chéatadán na scoileanna a bhí páirteach in oideachas le chéile le scoil eile sa bhliain acadúil atá caite.

**Aschur: 350 scoil páirteach in oideachas le chéile.**

**Aschur: 2,100 múinteoir oilte agus é de chumas acu  oideachas le chéile a éascú.**

**Aschur: 144,000 rannpháirtí i seomraí ranga oideachais le chéile.**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí na gníomhartha táscacha seo a leanas:

- Teagmháil dhíreach leanúnach idir páistí ó chúlraí difriúla.
- Cur chuige "ar fud na scoile iomláine" a chuimseodh múinteoirí, cúntóirí seomra ranga, foireann neamhtheagaisc, gobharnóirí, daltaí, teaghlaigh, pobail i gcoitinne, forbairt curaclaim, polasaithe scoile agus comhoibriú níos leithne leis an bpobal áitiúil.
- Páistí scoile a thabhairt le chéile sna blianta luatha, ag leibhéal na bunscolaíochta agus na meánscolaíochta.
- Tionscnaimh bhainteacha oiliúna múinteoirí a fhorbairt agus a chur ar fáil.
- Deiseanna méadaithe do chomhoibriú trasteorann.
- Rannpháirtíocht scoileanna ó na hearnálacha go léir, an earnáil imeasctha san áireamh.
- Cruthú féideartha comhpháirtíochtaí comhoibríocha chun Coláiste Breisoideachais agus Ardoideachais a chur san áireamh i dTuaisceart Éireann agus iad ag obair le scoileanna áitiúla chun deiseanna teagmhála a chruthú idir pháistí.
- Comhpháirtíochtaí idir scoileanna agus seirbhísí óige chun deiseanna teagmhála idir páistí a chruthú.

# Cuspóir:
# Páiste agus Daoine Óga

## Páistí agus Daoine Óga 14-24 bliain d'aois (Luach Iomlán: €37.6m / ERDF: €32m)[2]

**Beidh an Clár dírithe ar thorthaí i dtéarmaí dea-chadrimh, forbartha pearsanta agus saoránachta, rudaí a dhéanfaidh athrú dearfach ar an dul chun cinn soiléir bríoch inbhuanaithe a bheidh déanta ag na daoine óga a bhíonn páirteach. Díreoidh sé ar dhaoine óga 14-24 bliain d'aois atá faoi mhíbhuntáiste, eisiata nó imeallaithe, agus riachtanais dhoimhne shóisialta agus mhothúchánacha acu agus iad i mbaol a bheith páirteach in iompraíocht fhrithshóisialta, foréigean nó gníomhaíocht easaontach.**

Feabhsóidh an **cuspóir** seo cumas na bpáistí agus daoine óga caidreamh dearfach éifeachtach a chruthú le daoine ó chúlra difriúil agus cur go dearfach le sochaí chomhtháthaithe a fhorbairt.

Beidh sé mar **thoradh** air go mbeidh méadú ar chéatadán na bpáistí 16 bliana d'aois a bhíonn ag bualadh le chéile nó ag imirt spóirt le daoine ó chúlra creidimh difriúil; agus iad ag ceapadh go bhfuil an caidreamh idir Protastúnaigh agus Caitlicigh níos fearr ná mar a bhí sé cúig bliana ó shin; agus iad ag ceapadh go mbeidh an caidreamh idir Protastúnaigh agus Caitlicigh níos fearr arís i gceann cúig bliana. Déanfar monatóireacht ar na táscairí toraidh seo le heolas a bhíonn bailithe ag suirbhé 'Life and Times' Thuaisceart Éireann.

**Aschur: Céim a hAon - 3,400 duine óg 14-24 den dream is imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste, agus iad ag críochnú cláir fhaofa a fhorbraíonn a scileanna boga agus meas ar éagsúlacht. Díreoidh Céim a Dó ar 4,000 duine óg (agus an líon sin ag ardú go 6,600 má leithdháiltear an €10.5m breise).[2]**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí na gníomhartha táscacha seo a leanas:

- Agus é curtha ar fáil i dTuaisceart Éireann ar chomhbhonn a thugann deiseanna do dhaoine óga idirghníomhú leanúnach a bhfuil cuspóir leis a dhéanamh le daoine eile ó chúlra difriúil;
- Agus é curtha ar fáil ar bhonn trasteorann, cruthóidh sé deiseanna teagmhála idir dhaoine óga i dTuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann in Éirinn.
- Is gnách go mairfidh an t-idirghabháil do dhaoine fásta ar feadh sé go naoi mí agus beidh sé dian go leor le cinntiú go ndéanfaidh an t-eispéireas athrú ó bhonn orthu;
- Úsáid a bhaint as cur chuige forbartha gairmiúil óige, agus é curtha ar fáil de réir sraith caighdeán atá comhaontaithe ag gairmithe atá oilte go cuí;
- Comhchláir óige atá dírithe ar dhea-chaidreamh, saoránacht agus forbairt phearsanta, a bhféadfadh na gnéithe seo a leanas a bheith ag baint leo; spórt; drámaíocht; cultúr; teanga; gníomhaíochtaí fiontraíochta agus saorálaíochais; gníomhaíochtaí oiliúna cónaitheacha; meantóireacht piaraí;
- Tacaíocht do shamhail meantóirí ina bhfuil teacht ag gach rannpháirtí ar mheantóir pearsanta;
- Oiliúint ghairmiúil do chleachtóirí forbartha óige, lena n-áirítear cláir forbartha gairmiúla trasteorann chun aistriú eolais, scileanna agus taithí a éascú.

Rianófar gach rannpháirtí sna tionscadail mhaoinithe ar feadh bliain amháin ar a laghad tar éis éirí as an gClár. Tá leithdháileadh dhá chéim €32m ón ERDF ag baint leis an gCuspóir. (Is ionann Céim a hAon agus €14.45m agus €17.55m i gcás Chéim a Dó).

2 **Déanfar breithniú ar leithdháileadh breise maoiniúcháin a dhéanamh in 2018, tar éis meastóireacht neamhspleách ar éifeachtacht sholáthar Chéim a hAon agus é comhaontaithe ag an gCoiste Monatóireachta.**

Cuspóir:
# Páistí agus Daoine Óga

## Páistí agus Daoine Óga 0-24 bliain d'aois (Luach Iomlán: €17.1m / ERDF: €14.5m)[3]

**Déanfaidh an Clár infheistíocht i bpáistí agus daoine óga ionas gur féidir leo a n-acmhainneacht a bhaint amach agus uasmhéadú a dhéanamh ar an méid a chuireann siad le sochaí chomhtháite. Déanfaidh sé athrú trí dhul chun cinn soiléir bríoch inbhuanaithe i measc daoine óga maidir le dea-chaidreamh, forbairt phearsanta agus saoránacht. Beidh an ghné seo de Chlár PEACE IV mar chuid de Phleananna Gníomhaíochta na nÚdarás Áitiúil.**

Feabhsóidh an **cuspóir** seo acmhainn na bpáistí agus daoine óga caidreamh dearfach éifeachtach a chruthú le daoine ó chúlra difriúil agus cur go dearfach le sochaí chomhtháite a fhorbairt.

Is é an **toradh** a bheidh air ná méadú ar chéatadán na ndaoine óga 16 bliana d'aois a bhíonn ag bualadh le chéile nó ag imirt spóirt le daoine óga ó phobal creidimh difriúil; agus iad ag ceapadh go bhfuil an caidreamh idir Protastúnaigh agus Caitlicigh níos fearr ná mar a bhí sé cúig bliana ó shin; agus iad ag ceapadh go mbeidh an caidreamh idir Protastúnaigh agus Caitlicigh níos fearr arís i gceann cúig bliana. Déanfar monatóireacht ar na táscairí toraidh seo le heolas a bhíonn bailithe ag suirbhé 'Life and Times' Thuaisceart Éireann.

**Aschur: Céim a hAon - 21,000 rannpháirtí 0-24 bliain d'aois ag críochnú cláir fhaofa a fhorbróidh a scileanna boga agus meas ar éagsúlacht. Tar éis do Chéim a hAon bheith críochnaithe, déanfar breithniú breise ar leithdháileadh breise airgeadais don ghníomh seo agus aschuir chomhfhreagracha in 2018. Díreoidh Céim a Dó ar 15,000 rannpháirtí atá 0-24 bliain d'aois.**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí na gníomhartha táscacha seo a leanas:

Do thionscadail ina bhfuil rannpháirtithe atá 0-24 bliain d'aois:

- Tionscnaimh chuimsitheacha óige pobail áitiúil a chuimsíonn spórt, na healaíona, cultúr, teanga agus an timpeallacht, agus a chuireann caidreamh dearfach chun cinn trí dhíriú ar cheisteanna iontaoibhe, réamhchlaonta agus éadulaingthe.
- Gníomhartha atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus a théann i ngleic le seicteachas agus ciníochas;
- Tionscnaimh atá dírithe ar dhaoine óga le dul i ngleic le hiompraíocht fhrithshóisialta;
- Deiseanna a chruthú do dhaoine óga ó thraidisiúin nó cúlra cultúrtha difriúil, nó a bhfuil tuairim pholaitiúil dhifriúil acu bualadh lena chéile agus caidreamh dearfach a fhorbairt;
- Cláir cheannaireachta agus saoránachta óige a chothaíonn acmhainn do chomhshochaí;
- Gníomhaíochtaí gearrthéarmacha atreoraithe nuair a bhíonn teannas mór idir na pobail, amhail gníomhaíocht chónaitheach nó spóirt, agus iad seo mar chuid de chlár fadtéarmach cothaithe caidrimh.

3 **Beidh leithdháileadh dhá chéim i gceist leis an gcuspóir. (Beidh leithdháileadh €14.5m i gCéim a hAon agus leithdháileadh €10.5m i gCéim a Dó, agus iad faoi réir thoradh mheastóireacht Chéim a hAon 14-24 bliain), mar atá sonaithe ar L5.**

# Cuspóir:
# Comhspás agus Comhsheirbhísí

## Capital Development to create new Shared Spaces (Total Value: €52.9m / ERDF: €45m)

**Is é ceann de na gnéithe infheicthe den choinbhleacht ná an méid mór deighilte atá sa tsochaí go fóill. Ar na samplaí de seo atá ann, tá deighilt chónaitheach, ballaí síochána, graifítí seicteach agus léiriú poiblí bratach agus suaitheantas chun críocha a mharcáil agus imeaglú a dhéanamh ar dhaoine eile. Méadaíonn an deighilt pobail seo deighilt shóisialta agus teannas agus cuireann sé bac ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar sholáthar éifeachtúil seirbhísí poiblí.**

Cruthóidh an Clár seo comhspásanna nua cathartha a bheidh úsáidte ag gach cuid den phobal; cuimseoidh sé seo athruithe ar mheonta agus iompraíocht in éineacht le laghdú comhréireach ar dheighilt. Beidh na tionscadail mór go leor chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar cheantair áitiúla, agus suntas réigiúnach ag baint leo chomh maith. Cuimseoidh na tionscadail dearadh ardchaighdeáin agus prionsabail forbartha inbhuanaithe, bearta chun astaíochtaí carbóin a laghdú san áireamh.

Cruthóidh an **cuspóir** seo sochaí níos comhtháite trí sholáthar méadaithe comhspásanna agus comhsheirbhísí.

Beidh sé mar **thoradh** air seo go mbeidh méadú ar chéatadán na ndaoine a shaineodh an chomharsanacht ina bhfuil cónaí orthu mar cheantar neodrach; méadú ar líon na ndaoine ar fearr leo a bheith ina gcónaí i dtimpeallacht reiligiúnda mheasctha; agus laghdú ar chéatadán na ndaoine arbh fhearr leo a bheith ina gcónaí i gcomharsanacht nach bhfuil ach pobal a gcreidimh féin ina gcónaí ann. Déanfar monatóireacht ar na táscairí toraidh seo le heolas a bhíonn bailithe ag suirbhé 'Life and Times' Thuaisceart Éireann.

**Aschur: Ocht bhforbairt chaipitiúla chun comhspásanna nua a chruthú.**

Is féidir an t-aschur thuas a bhaint amach tríd an ngníomh táscach seo a leanas:

- Foirgnimh agus spásanna nua a bhfuil éifeacht bhunathraitheach acu ar cheantair áitiúla.

Cuspóir:

# Comhspás agus Comhsheirbhísí

## Tionscadail Comhspásanna na nÚdarás Áitiúil (Luach Iomlán: €28.8m / ERDF: €24.5m)

**Tacóidh an Clár le roinnt tionscnamh áitiúil agus é mar aidhm spásanna poiblí i gcathracha, bailte agus sráidbhailte a dhéanamh níos cuimsithí; is minic gurb ionann seo agus díriú ar ábhair chigilteacha maidir le paráidí, bratacha, suaitheantais, graifítí agus ceisteanna eile a d'fhéadfadh imeaglú a dhéanamh ar dhaoine áirithe, agus iad ag brath nach bhfuil fáilte rompu i gceantair áirithe mar gheall ar a gcreideamh, a gcine nó tosca eile.**

Cuirfear tacaíocht ar fáil chun comhspás atá ann cheana a bhainistiú agus a fhorbairt ar bhealach a léiríonn meas ar chearta, comhionannas agus éagsúlacht an uile dhuine. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná athruithe ar mheonta agus iompraíocht, in éineacht le laghdú comhfhreagrach ar dheighilt.

I gcásanna áirithe, ar na gníomhaíochtaí tacaithe a d'fhéadfadh a bheith ann, tá idirphlé a bhainistiú, athmhuintearas agus acmhainn a chothú idir pobail comhéadain; rud a chruthódh comhfhís agus dálaí ina mbraithfeadh pobail go bhfuil sé sábháilte agus cuí leanúint ar aghaidh agus bacainní comhéadain ina gceantair féin a bhaint.

Cruthóidh an **cuspóir** seo sochaí níos comhtháite trí sholáthar méadaithe comhspásanna agus comhsheirbhísí.

Beidh sé mar **thoradh** air seo go mbeidh méadú ar chéatadán na ndaoine a shaineodh an chomharsanacht ina bhfuil cónaí orthu mar cheantar neodrach; méadú ar líon na ndaoine ar fearr leo a bheith ina gcónaí i dtimpeallacht reiligiúnda mheasctha; agus laghdú ar chéatadán na ndaoine arbh fhearr leo a bheith ina gcónaí i gcomharsanacht nach bhfuil ach pobal a gcreidimh féin ina gcónaí ann. Déanfar monatóireacht ar na táscairí toraidh seo le heolas a bhíonn bailithe ag suirbhé 'Life and Times' Thuaisceart Éireann.

**Aschur: 17 dtionscnamh áitiúla a éascaíonn comh-úsáid mharthanach limistéar/ foirgneamh poiblí.**

Is féidir an t-aschur thuas a bhaint amach tríd an ngníomh táscach seo a leanas:

- An chomhghné de chomharsanachtaí, spásanna poiblí agus foirgnimh atá ann cheana a fhorbairt.

# Cuspóir: Comhspás agus Comhsheirbhísí

## Íospartaigh agus Marthanóirí (Luach Iomlán: €17.6m / ERDF: €15m)

**Mar aitheantas ar an ngá agus éileamh na ndaoine siúd a d'fhulaing tráma na coinbhleachta, forbróidh an Clár acmhainn do sheirbhísí freastal ar riachtanais na n-íospartach agus na marthanóirí.[4]**

Thug Comhaontú Aoine an Chéasta le fios go bhfuil gá le fulaing na n-íospartach agus na marthanóirí a aithint agus seirbhísí a chur ar fáil atá tacúil agus tuisceanach dóibh agus gur chóir go mbeadh ról ag eagraíochtaí reachtúla agus pobail. Rinne Comhaontú Chnoc an Anfa, rud a comhaontaíodh le déanaí, chuir sé comhthéacs breise ar fáil i dtéarmaí na bhforálacha oidhreachta a bhfuil gá leo, in éineacht le freastal ar riachtanais sláinte agus folláine.

Cuirfidh Clár PEACE IV luach leis trí infheistíocht i seirbhísí trasteorann sláinte agus folláine a fhorbróidh saineolas cruthaithe sa réigiún agus a mhéadóidh acmhainn agus cáilíocht an chúraim san earnáil d'íospartaigh, marthanóirí agus a dteaghlaigh. Cuirfidh sé seo le hobair eile atá á déanamh ag dreamanna eile chun na gealltanais d'íospartaigh agus marthanóirí a chur i gcrích.

Cruthóidh an **cuspóir** seo sochaí níos comhtháite trí sholáthar méadaithe comhspásanna agus comhsheirbhísí.

D'fhonn comhordú na seirbhísí a chinntiú ar bhonn trasteorann, beidh an tSeirbhís d'Íospartaigh agus Marthanóirí ar an bpríomh-chomhpháirtí aonair le haghaidh na coda seo den Chlár.

**Aschur: 6,300 duine ag fáil tacaíocht abhcóideachta.**

**Aschur: 11,350 duine ag fáil tacaíocht measúnaithe, tacaíocht obair cháis agus tacaíocht athléimneachta.**

Is féidir na haschuir thuas a bhaint amach trí na gníomhartha táscacha seo a leanas:

- Tacaíocht abhcóideachta le tacaíocht phraiticiúl d'íospartaigh agus marthanóirí a bhíonn ag plé le hinstitiúidí, próiseas stairiúil agus fiosrúcháin san áireamh;
- Measúnóirí, oibrithe sláinte agus folláine cáilithe a fhorbairt chun riachtanais na n-íobartach agus na marthanóirí a aithint agus díriú orthu;
- Clár athléimneachta le freastal ar riachtanais ar leith na n-íospartach agus na marthanóirí, idirghabhálacha meabhairshláinte leibhéal a haon agus leibhéal a dó san áireamh;
- Acmhainn na hearnála a fhorbairt trí oiliúint agus forbairt (le freastal ar chaighdeáin náisiúnta agus réigiúnacha), taighde agus rialú feabhsaithe.

4 Beidh an spriocdhíriú ar íospartaigh agus marthanóirí do na seirbhísí seo bunaithe ar an sainmhíniú reachtúil atá ar íospartach agus marthanóir atá curtha ar fáil ag an Ordú um Íospartaigh agus Marthanóirí (Tuaisceart Éireann), 2006.

# Cuspóir: **Caidreamh Dearfach a Chruthú go hÁitiúil**

## Pleananna Gníomhaíochta na nÚdarás Áitiúil (Luach Iomlán: €35.3m / ERDF €30m)

**Tá cuid mhaith seicteachais agus ciníochais sa tsochaí go fóill. Tá dúshláin nua ag baint leis an méadú ar ilghnéitheacht eitneach agus cuid mhaith díothachta socheacnamaíche i gceantair áirithe maidir le comhtháthú agus saoránacht níos mó a bhaint amach. Mar thoradh ar an stair deighilte i dTuaisceart Éireann agus Ceantar na Teorann, níl cumas forbartha ag daoine áirithe den phobal plé go dearfach le héagsúlacht agus difríocht. Tacófar le comhpháirtíochtaí á stiúradh ag údaráis áitiúla faoin gClár, ina mbeidh comhpháirtíochtaí éifeachtacha idir an pobal agus earnálacha príobháideacha agus pobail, agus é de chumas acu díriú ar athmhuintearas, ilghnéitheacht chultúrtha, claochlú coinbhleachta agus comhionannas.**

Cuimseoidh gach tionscadal daoine ó chúlraí éagsúla; tacófar agus éascófar gníomhaíocht trasteorann go háirithe. Tacóidh an Clár le gníomhartha chun rannpháirtíocht iomlán na mban i dtionscnaimh áitiúla a éascú agus díreoidh sé ar na grúpaí siúd a ndeachaigh oidhreacht na coinbhleachta go mór i bhfeidhm orthu, amhail na híospartaigh agus marthanóirí agus na pobail siúd a bhfui caipiteal íseal sóisialta acu, chomh maith leis na grúpaí agus líonraí aitheanta siúd atá ag plé le ceisteanna oidhreachta ar leith, amhail daoine óga agus scothaosta, mná, an pobal creidimh, íospartaigh agus marthanóirí, iad siúd atá thíos le míchumas coirp nó meabhrach mar gheall ar oidhreacht an fhoréigin, iar-phríosúnaigh, daoine asláithrithe agus iar-bhaill de na fórsaí slándála.

Cuirfidh an **cuspóir** seo caidreamh dearfach chun cinn a bhfuil meas ag baint leis, ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht chultúrtha agus a bhfuil sé mar thoradh air gur féidir le daoine maireachtáil, foghlaim agus teacht le chéile go sóisialta, agus iad saor ó réamhchlaonadh, fuath agus éadulaingt.

Beidh sé mar **thoradh** air go mbeidh méadú ar chéatadán na ndaoine a cheapann go bhfuil an caidreamh idir Prostastúnaigh agus Caitlicigh níos fearr ná mar a bhí siad cúig bliana ó shin; méadú ar chéatadán na ndaoine a mheasann go mbeidh an caidreamh idir Protastúnaigh agus Caitlicigh níos fearr arís i gceann cúig bliana agus go mbeidh méadú ar chéatadán na ndaoine a bhfuil cuid mhaith ar eolas acu faoi chultúr pobail mhionlaigh áirithe. Déanfar monatóireacht ar na táscairí toraidh seo le heolas a bhíonn bailithe ag suirbhé 'Life and Times' Thuaisceart Éireann.

**Aschur: 17 bplean gníomhaíochta áitiúla a mbeidh teagmháil bhríoch leanúnach a bhfuil cuspóir léi idir daoine ó phobail dhifriúla.**

Is féidir an t-aschur thuas a bhaint amach trí na gníomhartha táscacha seo a leanas:

- Réiteach coinbhleachta agus idirghabháil go háitiúil;
- Ócáidí atá nasctha leis an deich mbliana comóraidh a iniúchann an stair ar bhealach tuisceanach agus a chothaíonn comhthuiscint;
- Spórt, ealaíona, cultúr (an Ghaeilge agus Ultais san áireamh) agus tionscadail comhshaoil a chuireann dea-chaidreamh chun cinn trí dhíriú ar cheisteanna iontaoibhe, réamhchlaontas agus éadulaingthe;
- Tionscadail chun idirghníomhú pearsanra a éascú idir cónaitheoirí agus grúpaí comharsanachtaí deighilte.

# Cuspóir: **Caidreamh Dearfach a Chruthú go hÁitiúil**

## Tionscadail Réigiúnacha (Luach Iomlán: €16.4m / ERDF: €13.9m)

**Is féidir freastal ar cheisteanna agus spriocghrúpaí áirithe ar bhealach níos fearr trí thionscnaimh réigiúnacha a sháraíonn teorainneacha na n-údarás áitiúil. Éascóidh na tionscnaimh réigiúnacha comhoibribiú trasteorann chomh maith. Tabharfaidh an Clár aird ar leith ar ghrúpaí mionlaigh agus grúpaí ar gnách dóibh a bheith imeallaithe sa tsochaí, ionas go gcruthófar deiseanna a ligfidh dóibh a bheith níos rannpháirtí sa tsochaí.**

Tacóidh an Clár le grúpaí a ndeachaigh oidhreacht na coinbhleachta go mór i bhfeidhm orthu, amhail na híospartaigh agus marthanóirí agus na pobail siúd a bhfui caipiteal íseal sóisialta acu, chomh maith leis na grúpaí agus líonraí aitheanta siúd atá ag plé le ceisteanna oidhreachta ar leith, amhail daoine óga agus scothaosta, mná, an pobal creidimh, iad siúd atá thíos le míchumas coirp nó meabhrach mar gheall ar oidhreacht an fhoréigin, iar-phríosúnaigh, daoine asláithrithe agus iar-bhaill de na fórsaí slándála.

Sna cásanna go léir, beidh na tionscadail cuimsitheach agus cinnteoidh siad teagmháil bhríoch leanúnach a bhfuil cuspóir léi idir dhaoine ó chúlraí éagsúla a bheidh in ann meonta agus iompraíocht a athrú. Ba chóir go léireodh na tionscadail go bhfuil siad tiomanta go díreach do dhul i ngleic le ceisteanna móra casta, amhail seicteachas agus ciníochas.

Cuirfidh an **cuspóir** seo caidreamh dearfach chun cinn a bhfuil meas ag baint leis, ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht chultúrtha agus a bhfuil sé mar thoradh air gur féidir le daoine maireachtáil, foghlaim agus teacht le chéile go sóisialta, agus iad saor ó réamhchlaonadh, fuath agus éadulaingt.

Beidh sé mar **thoradh** air go mbeidh méadú ar chéatadán na ndaoine a cheapann go bhfuil an caidreamh idir Prostastúnaigh agus Caitlicigh níos fearr ná mar a bhí siad cúig bliana ó shin; méadú ar chéatadán na ndaoine a mheasann go mbeidh an caidreamh idir Protastúnaigh agus Caitlicigh níos fearr arís i gceann cúig bliana agus go mbeidh méadú ar chéatadán na ndaoine a bhfuil cuid mhaith ar eolas acu faoi chultúr pobail mhionlaigh áirithe. Déanfar monatóireacht ar na táscairí toraidh seo le heolas a bhíonn bailithe ag suirbhé 'Life and Times' Thuaisceart Éireann.

**Aschur: 20 tionscadal réigiúnach a mbeidh teagmháil bhríoch leanúnach a bhfuil cuspóir léi mar thoradh orthu idir daoine ó phobail dhifriúla.**

Is féidir an t-aschur thuas a bhaint amach trí na gníomhartha táscacha seo a leanas:

- Tionscadal chun dul chun cinn i dtreo sochaí síochánta agus cobhsaí a threisiú trí athmhuintearas a chur chun cinn i measc na bpobal go léir;
- Tionscadail a fhorbraíonn, a fheabhsaíonn agus a chothaíonn caidreamh idir na pobail trí dhíriú ar cheisteanna iontaoibhe, réamhchlaonta agus éadulaingthe.

# Cé na cineálacha tionscadal a dtacófar leo?

## Cé na daoine a chinn céard iad tosaíochtaí an Chláir nua?

Cuireadh le hábhar an Chláir trí dhá chomhairliúchán phoiblí a bhí ar siúl in 2012 agus 2014, próifíl shocheacnamaíoch ar an réigiún agus comhairliúchán cuimsitheach leis na ranna rialtais agus na gníomhaireachtaí i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn. Cuireadh le forbairt an Chláir chomh maith le príomhionstraimí beartais an Aontais Eorpaigh, is iad sin, Straitéis na hEorpa le haghaidh 2020 (AE2020), an Chomhchreat Straitéiseach agus páipéir sheasaimh an Choimisiúin Eorpaigh ar an RA agus Éire. Tá an méid atá ann comhaontaithe ag Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, Rialtas na hÉireann agus an Coimisiún Eorpach.

## Cé na daoine/dreamanna a bhfuil cead acu iarratas a chur isteach ar mhaoiniú?

Faoi réir seiceáil cáilitheachta, is féidir iarratais a sheoladh ó réimse leathan eagraíochtaí amhail: Údaráis Áitiúla; Comhlachtaí Earnála Poiblí; Eagraíochtaí na hEarnála Deonaí agus Pobail. (Ní liosta uile-ghabhálach é seo).

## Conas is féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoi dheiseanna maoiniúcháin?

Beidh gairmeacha maoiniúcháin éagsúla ar oscailte ag amanna éagsúla i rith thréimhse an chláir nua. Fógrófar sonraí iomlána faoi gach gairm mhaoiniúcháin ar shuíomh gréasáin an SEUPB ((www.seupb.eu), a gcuntas ar Twitter (@SEUPB) agus ar Facebook (www.facebook.com/SpecialEUProgrammesBody). Beidh liosta rialta nuashonraithe de na tionscadail rathúla mhaoinithe go léir ar fáil ar shuíomh gréasáin an SEUPB chomh maith.

## Cé na critéir a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar iarratais?

Tá sé mar fhreagracht ar an iarratasóir eolas iomlán mionsonraithe a chur ar fáil i gcomhréir leis an treoir atá tugtha ag tús gach céime den phróiseas iarratais. Úsáidfear na critéir seo a leanas, mar atá sonraithe thíos, chun measúnú a dhéanamh ar gach iarratas:

- Caithfidh torthaí agus aschuir iarratais ar bith a bheith i gcomhréir le cuspóirí, torthaí agus aschuir an Chláir. (Beidh siad seo sonraithe sa ghairm ar iarratais);
- Caithfidh na hiarratasóirí comhoibriú trasphobail agus/nó trasteorann a léiriú;
- Caithfidh na hiarratasóirí a bheith in ann fianaise ar dhea-rialachas corparáideach agus socruithe comhpháirtíochta a léiriú;
- Caithfidh ardchaighdeán deartha tionscadail a bheith déanta ag na hiarratasóirí ó thaobh pleanáil roimh ré, cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar fheidhmíocht;
- Caithfidh na hiarratasóirí a léiriú gurb ionann a dtionscadal agus luach maith ar airgead;
- Caithfidh an tionscadal cur le forbairt inbhuanaithe agus comhionannas.

# Conas a dhéantar measúnú ar thionscadail?

Úsáidfear próiseas dhá chéim chun rath iarratais ar bith a chinneadh. Beidh foirm ghearr iarratais i gceist le céim a haon agus gheobhaidh na hiarratasóirí cinneadh faoi cé acu an bhfuil cead acu nó nach bhfuil cead acu dul ar aghaidh chuig céim a dó. Tá sé mar fhreagracht ar an iarratasóir eolas iomlán agus mionsonraithe a chur ar fáil i gcomhréir leis an treoir a bhíonn curtha ar fáil ag tús gach céime de phróiseas an iarratais.

Beidh sé mar chuid de Chéim 2 den phróiseas go seolfar isteach Plean Gnó mionsonraithe a chuirfidh níos mó sonraí ar fáil faoin iarratas agus déanfar breithmheas dian air seo. Ach amháin i gcásanna ina bhfuil údar maith leo, tá 36 seachtain sa tréimhse measúnaithe, eisiúint Litir Tairisceana don iarratasóir san áireamh. Mura gcuirtear an tréimhse measúnaithe 36 seachtain i gcrích i gcás iarratais ar bith, cuirfear an chúis atá leis seo ar shuíomh gréasáin an SEUPB. Tabharfar scóranna do gach iarratas. Foilseofar na critéir scórála in éineacht le gach gairm ar iarratais.

Tá an fhreagracht tarmligthe ag an gCoiste Monatóireachta Cláir do Choiste Stiúrtha, dream a dhéanfaidh an cinneadh deiridh ar cé acu an dtabharfar nó nach dtabharfar maoiniú. Beidh na gairmeacha ar iarratais dírithe go mór agus sonróidh siad na torthaí ó thionscadail, chomh maith le hiomlán na n-aschur atá de dhíth agus leithdháileadh iomlán airgeadais gach gairme. Foilseofar féilire dátaí seasta Coiste Stiúrtha ag am na gairme, rud a chuirfidh trédhearcacht ar fáil maidir leis na spriocanna amanna próiseála. Beidh na nósanna imeachta agus critéir chinnteoireachta leagtha amach go ríshoiléir i dtéarmaí tagartha gach gairme.

# Conas atá simpliú déanta againn ar na cláir nua le haghaidh 2014-2020? ar leanúint

Mar fhreagra ar aiseolas ó iarratasóirí roimhe seo agus ar dheiseanna atá curtha ar fáil sna rialacháin nua, tá díriú as an nua ar shimpliú i gClár PEACE IV. Mar sin, tá roinnt beart tar éis a bheith tugtha isteach le cabhrú le laghdú a dhéanamh ar oiread an mhaorlathais sa Chlár:

- **Comhchuibhiú na rialacha:** Cuirfear sraith aonair Rialacháin Cláir i bhfeidhm ar fud réimse an Chláir. Léireoidh na rialacha seo na gníomhartha is lú is gá a dhéanamh le cloí le rialacháin an AE agus nósanna imeachta náisiúnta. Tá na rialacha comhchuibhithe chomh maith le rialacha Chlár nua INTERREG VA le haghaidh 2014-2020.

- **Fad an tionscadail:** D'fhéadfadh an tionscadal maireachtáil ar feadh suas le seacht mbliana, agus é faoi réir nádúr na ngníomhaíochtaí atá á moladh. I gcás go maireann tionscadal áirithe ar feadh tréimhse is faide ná trí bliana, beidh an dara céim den tionscadal faoi réir breithmheas dian meántéarma. Níltear ag súil leis go leanfar de ghníomhaíochtaí tionscadail a mhaoiniú taobh anonn de 2021.

- **Coinníollacha Litir Thairisceana:** Laghdófar coinníollacha breise i Litir Thairisceana go dtí an t-íosmhéid is lú atá de dhíth agus ní mhacasamhlófar na cinn siúd atá i Rialacha an Chláir ná gnáthchoinníollacha bronnta.

- **Monatóireacht:** Léireoidh líon na dtáscairí i Litir Thairisceana fócas toraidh agus aschuir an Chláir. Is riachtanas rialaitheach é go gcríochnófar monatóireacht ar tháscairí ar bhealach a chloíonn le ríomh-chomhtháthú.

- **Struchtúr buiséid:** Úsáidfear struchtúr simplithe buiséid sa Litir Thairisceana. Méadóidh sé seo solúbthacht oibriúcháin na bPríomh-Chomhpháirtithe i soláthar tionscadal gan an riachtanas cead a lorg chun athruithe a dhéanamh ar línte fobhuiséid.

# Conas atá simpliú déanta againn ar na cláir nua le haghaidh 2014-2020? ar leanúint

- **Costais shimplithe:** Cuirfidh an Clár costais shimplithe chun cinn agus i bhfeidhm go forghníomhach. Bainfidh gach tionscadal leas as ráta cothrom forchostas. I gcás go bhfuil bonn oiriúnach ann le haghaidh costais aonaid, beidh an mhodheolaíocht seo éigeantach. Beidh eolas mionsonraithe ar chostais shimplithe san áireamh sna gairmeacha ar iarratais.

- **Príomh-Chomhpháirtithe:** Beidh ar údaráis áitiúla agus Príomh-Chomhpháirtithe eile atá bainteach le líon mór faighteoirí deiridh, beidh orthu ort a lua conas atá siad ag laghdú an ualaigh riaracháin do na faighteoirí deiridh. Beidh ar údaráis áitiúla costais aonaid, rátaí comhréidhe, cnapshuimeanna nó samhlacha leithdháilte acmhainní a úsáid chun an t-ualach riaracháin a laghdú d'fhaighteoirí deiridh.

- **Fíorú:** Úsáidfidh an tAonad Rialaithe Airgeadais modheolaíocht samplála atá bunaithe ar riosca chun a sheiceáil riaracháin a dhéanamh. Laghdóidh úsáid mhéadaithe costais agus aschuir aonaid leibhéal an fhíoraithe go mór. Leagfar béim mhéadaithe i rith an fhíoraithe ar phríomhchlocha míle, príomhaschuir agus príomhthorthaí a bhaint amach.

- **Ríomh-chomhtháthú:** Cuimseoidh an Clár prionsabail an ríomh-chomhtháthaithe. Beidh sé de chumas ag iarratasóirí iarratas a chur isteach ar mhaoiniú ar líne. Beidh ar Phríomh-Chomhpháirtithe eolas monatóireachta agus airgeadais atá cothrom le dáta a chur ar fáil ar líne.

# How does the Programme apply the Horizontal Principles?

## Forbairt Inbhuanaithe

Tá Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta déanta ar an gClár le cinntiú go dtacóidh sé le gníomhaíocht a chuirfidh forbairt inbhuanaithe chun cinn. Caithfidh na tionscadail a léiriú conas a íoslaghdóidh siad tionchar díobhálach ar bith a d'fhéadfadh a bheith acu ar a timpeallacht.

Caithfidh gach tionscadal i ngach téama cloí leis an Straitéis Forbartha Inbhuanaithe, rud ar ghlac an Chomhairle Eorpach léi i Meitheamh 2006, agus leis an Straitéis Forbartha Inbhuanaithe atá i bhfeidhm go náisiúnta i ngach aon tír. Mar chuid de mheasúnú na n-iarratas, déanfar breithniú ar chloí an tionscadail le prionsabail agus cuspóirí na forbartha inbhuanaithe. Déanfar Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta nuair a mheasta a leithéid a bheith cuí.

## Comhdheiseanna

Cinnteoidh an clár go gcuirfear comhionannas idir fir agus mná agus comhtháthú an dearcaidh ghnéis san áireamh agus go gcuirfear chun cinn é trí ullmhú agus cur i bhfeidhm an Chláir, agus sa mhonatóireacht, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanfar air.

Ba chóir don Chlár bearta cuí a dhéanamh chun leithcheal ar bith maidir le gnéas, bunús cine nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh a chosc le linn dó a bheith á ullmhú agus á chur i bhfeidhm. Cuirfear inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh go háirithe i rith ullmhú agus chur i bhfeidhm an Chláir.

I gcomhréir le hAlt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998 agus an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta (1998) agus an tAcht um Stádas Comhionann (2000), mar a bhí leasaithe ag an Acht um Chomhionannas (2004) in Éirinn, cloífidh tionscadail a bhíonn maoinithe go páirteach ag an gClár le, agus nuair is cuí, cuirfidh siad le beartais agus reachtaíocht Pobail ar chomhdheiseanna agus cosc ar leithcheal.

Tá scagthástáil comhionannais déanta ar an gClár i gcomhréir leis an reachtaíocht bhainteach agus beartas comhionannais an SEUPB. Bhí sé mar chonclúid ag an scagthástáil seo gur imríodh tionchair mhóra dhearfacha ar fud ceithre cinn de naoi mbonn Alt 75 (creideamh reiliúnda; tuairimí polaitiúla; bunús cine/eitneach agus aois); tionchair neodracha ar ghnéaschlaonadh agus stádas pósta; agus tionchair bheaga ar thrí bhonn (gnéas, míchumas agus spleáchas). Féachadh orthu seo go léir mar thionchair a chabhródh le comhdheiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn, mar sin, níor chóir Measúnacht bhreise Tionchair Comhionannais (MTC) a dhéanamh ar an gClár.

Beidh ar iarratasóirí tionscadail ráiteas a chur san áireamh faoi thionchar dóchúil comhionannais a dtionscadail ina n-iarratais agus tionchair dhifreálacha ar bith a aithint.

# Conas a bhainistítear an Clár?

Is é an SEUPB Údarás Bainistíochta, Comhrúnaíocht, Údarás Deimhniúcháin agus Aonad Rialaithe Airgeadais Chlár PEACE IV agus tá sé freagrach dá réir don Choimisiún Eorpach, Comhairle Thuaidh Theas na nAirí (CTTA), an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn.

Tá freagracht fhoriomlán ar an **Údarás Bainistíochta** as monatóireacht agus meastóireacht an Chláir. Tá sé mar chathaoirleach agus cuireann sé tacaíocht fhoriomlán riaracháin ar fáil do Choiste Monatóireachta an Chláir.

Tá an **Chomhrúnaíocht** freagrach as eolas a chur ar fáil ar dheiseanna maoiniúcháin. Chomh maith leis sin, ullmhaíonn sé measúnuithe tionscadail a chuirtear faoi bhráid an Choiste Stiúrtha le haghaidh cinneadh deiridh. Cabhróidh sé le Príomh-Chomhpháirtithe i gcur i bhfeidhm a dtionscadal.

Deimhníonn an **tÚdarás Deimhniúcháin** gach éileamh caiteachais a sheoltar chuig an CE agus rialaíonn siad sreabhadh airgid an Chláir agus déanann siad íocaíochtaí le Príomh-Chomhpháirtithe.

Tá an **tAonad Rialaithe Airgeadais** freagrach as dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais go léir a dhéantar a fhíorú. Déanann sé seiceáil réamhchonartha ar gach Príomh-Chomhpháirtí agus déanann sé fíorú riaracháin ar éilimh a bhíonn déanta ag tionscadal.

Tá an fhreagracht as tionscadail a roghnú le haghaidh maoiniú tar éis a bheith tarmligthe don **Choiste Stiúrtha** neamhspleách ag an gCoiste Monatóireachta Cláir. Fúthu siúd atá an cinneadh deiridh.

# Conas a dhéantar monatóireacht ar an gClár?

Bunaítear Coiste Monatóireachta faoi Rialacháin Eorpacha le haghaidh Chlár PEACE IV chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus cáilíocht an Chláir.

Is iad na daoine atá mar chomhaltaí den Choiste Monatóireachta ná ionadaithe ó na Ballstáit, rialtas áitiúil agus réigiúnach, comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha a dhéanann ionadaíocht ar son lucht gnó, ceardchumainn, agus daoine ó na hearnálacha deonacha, comhshaoil agus comhionannais. Tá liosta iomlán de comhaltaí an Choiste agus de pháipéir agus miontuairiscí na gcruinnithe coiste go léir ar fáil ar shuíomh gréasáin an SEUPB.

Comhlíonann an Coiste roinnt príomhfhreagrachtaí:

- Caithfidh sé na critéir roghnaithe tionscadal a úsáidfear sa Chlár a fhaomhadh;
- Caithfidh sé athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo bhaint amach spriocanna an Chláir agus scrúdú a dhéanamh ar thionchar a chur i bhfeidhm;
- Déanfaidh sé breithniú agus faomhadh ar thuarascálacha foirmiúla a sheoltar chuig an CE, Tuarascálacha Bliantúla ar chur i bhfeidhm san áireamh;
- Déanfaidh sé breithniú agus faomhadh ar thogra ar bith leasú a dhéanamh ar chinneadh an Choimisiúin trínar faomhadh an Clár.

**Tá tuilleadh eolais faoi Chlár PEACE IV le haghaidh 2014-2020, doiciméad iomlán an Chláir Chomhoibríoch san áireamh, tá sé ar fáil ó www.seupb.eu**

# Nótaí

# Nótaí

# Contact Us:

**Béal Feirste**
Foirgneamh Clarence West,
2 Sráid Clarence West,
Béal Feirste
BT2 7GP
Tuaisceart Éireann
Teil: +44 28 9026 6660
Ríomhphost: info@seupb.eu

**An Ómaigh**
Teach an AE,
11 Bóthar Kevlin ,
An Ómaigh
BT78 1LB
Tuaisceart Éireann
Teil: +44 28 8225 5750
Ríomhphost: info@seupb.eu

**Muineachán**
Foirgneamh M:
Tek II, Bóthar
Ard Mhacha,
Muineachán
Éire
Teil: +353 477 7003
Ríomhphost: info@seupb.eu

**Suíomh gréasáin: www.seupb.eu**